**3 Bealtaine 2018**

## Eisíodh cinneadh maidir le hiarratas d'Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta le haghaidh cóiríochta mac léinn ag Ascaill an Fhásaigh, An Chabrach, Baile Átha Cliath 7.

## Tagairt Cáis: ABP-300666-18

Dheonaigh An Bord Pleanála cead, faoi réir 21 choinníoll, don fhorbairt bheartaithe a dhéantar de 208 spás leapa cóiríochta mac léinn, mar a chuireadh isteach ag Labinies Limited ag Ascaill an Fhásaigh, An Chabhrach, BÁC 7.

Cuireadh an t-iarratas chuig an mBord Pleanála ar an 12 Eanáir 2018 agus rinneadh cinneadh air ar an 12 Aibreán 2018. Bhí sé seo roimh an spriocdháta a bhí ann, an 3 Bealtaine 2018.

Bhí tréimhse comhairliúcháin phoiblí san áireamh sa phróiseas iarratais agus lean sé críochnú comhairliúcháin réamhiarratas leis an mBord Pleanála agus an údarás áitiúil oiriúnach.
Tá na príomhcháipéisí maidir le cinneadh an Bhoird ar fáil mar seo a leanas:

- Ordú Boird
- Treoir an Bhoird
- Tuarisc an Chigire

Is féidir eolas mionsonraithe d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fháil ag www.pleanala.ie/index_ga.htm. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le bord@pleanala.ie le do thoil.